**RABHADH**
**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 11.30**

**Treoracha d'Iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG Cheist laistigh**

- Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar na leathanaigh 14 agus 15*
  Freagair (A) agus (B)
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

# CEIST 1
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

## (A) CEISTEANNA ILROGHNACHA (12 mharc)

**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) Gaillimh | ☐ | (b) Béal Feirste | ☐ | |
| (c) Baile Átha Cliath | ☑ | (d) Port Láirge | ☐ | (1) |

***1.*** Úsáidtear eite ghaoithe chun é seo a thaispeáint:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) luas gaoithe | ☐ | (b) treo gaoithe | ☐ | |
| (c) báisteach | ☐ | (d) teocht | ☐ | (1) |

***2.*** Bíonn 'Imirce' i gceist nuair a dhéanann daoine é seo:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) aistriú ó áit amháin go háit eile | ☐ | (b) foraoisí a dhó | ☐ | |
| (c) feoil agus glasraí araon a ithe | ☐ | (d) a mairbh a adhlacadh | ☐ | (1) |

***3.*** Is iad na daoine a thóg na ráthanna in Éirinn ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) na Lochlannaigh | ☐ | (b) na manaigh | ☐ | |
| (c) na Normannaigh | ☐ | (d) na Ceiltigh | ☐ | (1) |

***4.*** An t-aigéan amach ó chósta thiar na hÉireann ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) an tAigéan Ciúin | ☐ | (b) an tAigéan Artach | ☐ | |
| (c) an tAigéan Antartach | ☐ | (d) an tAigéan Atlantach | ☐ | (1) |

***5.*** Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, is í an tsiombail do charrchlós ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) **P** bán ar chearnóg ghorm | ☐ | (b) **P** gorm | ☐ | |
| (c) **P** glas | ☐ | (d) **P** bán ar chiorcal glas | ☐ | (1) |

***6.*** Cé acu de na tíortha seo **NACH** bhfuil san Aontas Eorpach?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) an Pholainn | ☐ | (b) an Liotuáin | ☐ | |
| (c) an Rúis | ☐ | (d) an Fhrainc | ☐ | (1) |

*7.* Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, taispeánann líne dhubh de phoncanna:


(a) iarnród ☐ (b) abhainn ☐

(c) mótarbhealach ☐ (d) teorainn chontae ☐ (1)

*8.* Is ionaid iad scoileanna, coláistí agus ollscoileanna:

(a) don chaitheamh aimsire ☐ (b) don tionsclaíocht ☐

(c) don oideachas ☐ (d) don airgeadas ☐ (1)



*9.* Is seolta iad na hinnill sa phictiúr thuas. Úsáidtear iad chun:

(a) snáth a shníomh ☐ (b) cáis a dhéanamh ☐

(c) gloine a dhéanamh ☐ (d) éadach a fhí ☐ (1)

*10.* Is é a tugadh ar na daoine a tháinig go hÉirinn ó Chríoch Lochlann ná:

(a) na Ceiltigh ☐ (b) na Lochlannaigh ☐

(c) na manaigh ☐ (d) na Normannaigh ☐ (1)

*11.* Is é a tugadh ar na daoine a rinne ionradh ar Éirinn in 1169 ná:

(a) na Lochlannaigh ☐ (b) na Ceiltigh ☐

(c) na Normannaigh ☐ (d) na Sacsanaigh ☐ (1)

*12.* Is éard is mó a bhíonn i limistéar talmhaíochta ná:

(a) monarchana ☐ (b) tithe ☐

(c) stáisiúin chumhachta ☐ (d) feirmeacha ☐ (1)

*13.* Cén tír inar cuireadh tús leis an Réabhlóid Thionsclaíoch?

(a) Éire ☐ (b) an Fhrainc ☐

(c) An Bhreatain ☐ (d) Stáit Aontaithe Mheiriceá ☐ (1)

*14.* Sampla d'acmhainn neamh-inathnuaite ná:

(a) cumhacht na gréine ☐ (b) cumhacht tonnta ☐

(c) gual ☐ (d) hidrileictreachas ☐ (1)

**[Thall**

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**

**(6 mharc)**

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** de na topaicí seo a leanas:

(a) Tithe

**NÓ**

(b) Ealaíona agus Ceirdeanna

**NÓ**

(c) Cluichí a d’imir siad

**NÓ**

(d) Nósanna adhlactha

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fúithi ná: ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(6)

**(C) CUMHACHT NA GAOITHE** **(6 mharc)**



***1.*** Ainmnigh **DHÁ** bhreosla iontaise

_______________________ agus _______________________ (2)

***2.*** Lasmuigh de Chumhacht na Gaoithe, ainmnigh foinse **AMHÁIN** eile d’fhuinneamh inathnuaite.

_______________________________________________ (2)

***3.*** Cén fáth a gcuirfeadh muintir na háite i gcoinne feirm ghaoithe, cosúil leis an gceann sa phictiúr, a thógáil? Tabhair cúis **AMHÁIN**.

_______________________________________________ (2)

**[Thall**

# CEIST 2
**24 marc**

**Freagair cuid (A) nó (B).**

## (A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS (24 marc)

Ar an leathanach seo tá eolas faoi Phlandáil Uladh. Is féidir leat an t-eolas ar an leathanach seo a úsáid, chun cabhrú leat na ceisteanna ar an leathanach trasna a fhreagairt.



Teach le bábhún



Caisleán Mhaigh Niadh, Co. Fhear Manach

**I 1618/19 chuir Rí Shasana, Séamus, fear darbh ainm Nicholas Pynnar chun tuairisc a thabhairt ar ais dó faoi conas a bhí ag éirí leis an bPlandáil. Thug sé cuairt ar a lán caisleán agus bailte agus scríobh sé tuairisc don Rí. Seo cuid de na rudaí a scríobh sé:**

Faoi Chaisleán Mhaigh Niadh: "caisleán láidir d'aol agus de chloch - tá sé 54 troigh ar fad agus 20 troigh ar leithead". Sa bhábhún tá "an balla 9 troigh ar airde agus 300 troigh timpeall".

"Tháinig mé ar 1974 teaghlach Briotanacha agus 6215 fear atá in ann airm a iompar".

"Dhá mhíle ó Dhún na nGall, tá teach cloch tógtha ag an gCaptaen Paul Goare, as fothracha seanchaisleán muintir Uí Bhaoill, in aice na farraige".

"Anois tá tógtha laistigh de na contaetha Ard Mhacha, Tír Eoghain, Dún na nGall, Fear Manach an Cabhán agus Londain-Doire 107 caisleán le bábhúin, 19 caisleán gan bhábhúin iontu, 42 bábhún gan chaisleáin ná tithe iontu, 1897 teach de chloch agus adhmad".

**Sa tábla taispeántar úinéireacht talún i gCúige Uladh sna blianta 1600, 1640 agus 1700**

| | % den talamh in úinéireacht na gCaitliceach | % den talamh in úinéireacht na bProtastúnach |
|---|---|---|
| 1600 | 90 | 10 |
| 1640 | 60 | 40 |
| 1700 | 15 | 85 |

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** chontae a plandáladh i rith Plandáil Uladh.

____________________ agus ____________________

(2)

***2.*** Cad ba bhábhún ann?

________________________________________

(2)

***3.*** Cé mhéad teaghlach Briotanacha a dtáinig Nicholas Pynnar orthu?

________________________________________

(2)

***4.*** Cén teanga a labhair na coilínigh?

________________________________________

(2)

***5.*** Cén reiligiún a bhí ag na coilínigh?

________________________________________

(2)

***6.*** Cad a tharla do na Gaeil dhúchasacha nuair a tháinig na coilínigh isteach?

________________________________________

________________________________________

(2)

***7.*** Cén fáth ar úsáideadh iarshaighdiúirí mar choilínigh?

________________________________________

________________________________________

(4)

***8.*** Ainmnigh **DHÁ** ‘ Bhaile Plandála’.

____________________ agus ____________________

(4)

***9.*** Tabhair **DHÁ** thoradh de phlandáil Uladh ar féidir a fheiceáil fós sa lá inniu.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(4)

**[Thall**


**NÓ**

**(B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS** **(24 marc)**

Léigh an t-eolas thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

***Imirce agus Díchoilltiú sa Bhrasaíl***






*Is beag an t-ioncam atá ag formhór na ndaoine a chónaíonn i gceantair thuaithe sa Bhrasaíl agus ní leo féin an talamh. Tá a lán limistéar foraoise á nglanadh chun slí a dhéanamh d'fheirmeacha móra. Tá 'sár'- fheirmeacha ollmhóra curtha ar bun ag feirmeoirí saibhre. Úsáideann siad seo a lán innealra agus ní bhíonn oibrithe neamhoilte ag teastáil san fhómhar.*

*Imíonn na hoibrithe neamhoilte seo go dtí na cathracha agus na bailte móra agus obair á lorg acu. Agus bóithre nua á dtógáil, tá iarracht déanta ag rialtas na Brasaíle cabhrú leo ach fós tá an saol níos fusa sna cathracha ná ar an talamh.*

***1.*** De réir an ghraif, cé acu tír ar gearradh an méid is mó crann inti?

________________________________________________ (2)

***2.*** Cén fáth ar chóir do mhuintir na hÉireann a bheith buartha faoi 'dhíchoilltiú' sa Bhrasaíl?

________________________________________________

________________________________________________ (4)

***3.*** Tabhair **DHÁ** thoisc bhrú a chuireann iallach ar na hoibrithe neamhoilte na ceantair thuaithe a fhágáil.

________________________________________________

________________________________________________ (4)


***4.*** Tabhair **DHÁ** thoisc tharraingthe a chuireann iallach ar na hoibrithe neamhoilte dul go dtí na cathracha móra.

________________________________________________

________________________________________________ (4)

***5.*** Ainmnigh cathair **AMHÁIN** sa Bhrasaíl a bhféadfadh na daoine seo bogadh chuici.

________________________________________________ (2)





*6.* Nuair a bhogann na feirmeoirí neamhoilte go dtí na cathracha, is sna favelas a bhíonn cónaí orthu go minic.

Cad is favela ann?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

*7.* Scríobh faoi na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na hoibrithe feirme neamhoilte nuair a bhogann siad go dtí na cathracha móra.
(*Noda: Obair, oideachas, tithíocht, difríochtaí cultúrtha).*

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________ (6)


**[Thall**

# CEIST 3
**24 marc**


**Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) <u>nó</u> (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH – IOMPAR** **(12 mharc)**









Bain úsáid as na pictiúir is na léaráidí sa leathanach trasna chun cabhrú leat agus scríobh oiread agus is féidir leat faoi cheann **AMHÁÍN** díobh seo a leanas:

- Iompar ar iarnróid sa Réabhlóid Thionsclaíoch
- Canálacha sa Réabhlóid Thionsclaíoch
- Bóithre sa Réabhlóid Thionsclaíoch

Luaigh conas a tógadh iad agus an iarmhairt a bhí acu ar shaol na ndaoine.

Scríobhfaidh mé faoi ________________________________ sa Réabhlóid Thionsclaíoch.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (6)

Cén breosla a úsáideadh mar chumhacht sna traenacha sa Réabhlóid Thionsclaíoch?

______________________________________________________________________ (2)

Cén fáth a raibh cosán feadh taobh na gcanálacha?

______________________________________________________________________ (2)

Cén fáth a raibh gá leis na bóithre a fheabhsú sa Réabhlóid Thionsclaíoch?

______________________________________________________________________ (2)

**[Thall**

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

Thosaigh Cath an Somme ar 1 Iúil, 1916. Faoin am a chríochnaigh sé i mí na Samhna 1916, bhí 420,000 trúpa Briotanacha, 200,000 trúpa Francacha agus 500,000 trúpa Gearmánacha marbh nó gortaithe. Ba Éireannaigh iad 25,000 de na taismigh Bhriotanacha.

Ag deireadh an chatha, ba é an dul ar aghaidh a bhí déanta ag airm na Breataine agus na Fraince ná níos lú ná 10 gciliméadar.





**1.** Ainmnigh **DHÁ** arm nua a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda.

_______________________ agus _______________________ (4)

**2.** Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

An saol sna trinsí sa Chéad Chogadh Domhanda
S.A.M.(U.S.A) sa Chéad Chogadh Domhanda
An Lusitania á chur faoi uisce
Conradh Versailles

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________(8)

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

***1.*** Ainmnigh tír **AMHÁIN** a bhí ar thaobh na Gearmáine sa Dara Cogadh Domhanda.

______________________________________________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh tír **AMHÁIN** a bhí ar thaobh na Breataine sa Dara Cogadh Domhanda.

______________________________________________________________ (2)

***3.*** Baineann na pictiúir seo a leanas le haslonnú leanaí as cathracha na Breataine.






Cén fáth ar bogadh leanaí amach as cathracha na Breataine?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ (2)

Cá háit ar aistríodh iad chuici?

______________________________________________________________ (2)

Cad atá sa bhosca beag atá ar crochadh óna muineál ag na páistí?

______________________________________________________________ (2)

Cén fáth, dar leat, a bhfuil lipéid greamaithe díobh?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ (2)

**[Thall**

# CEIST 4
## 24 marc

**Freagair cuid A agus cuid B**

**(A) MNÁ AG OBAIR SA DOMHAN FORBARTHA AGUS SA DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA**
**(12 mharc)**

Féach ar an bhfótagraf seo agus freagair na ceisteanna a leanann é:



*1.* An gceapann tú go bhfuil an áit oibre sa phictiúr sábháilte? ______________________________

Tabhair cúis le do fhreagra.

______________________________________________ (2)

*2.* An gceapann tú go bhfuil an áit oibre seo in Éirinn? ______________________________

Tabhair cúis le do fhreagra.

______________________________________________ (2)

*3.* Ainmnigh tír amháin i mbéal forbartha, a bhféadfadh an pictiúr seo a bheith tógtha inti**.**

______________________________________________ (2)

*4.* Cad a d'fhéadfadh na mná san fhótagraf a dhéanamh chun a gcúinsí oibre a fheabhsú?

______________________________________________

______________________________________________ (3)

*5.* Cén fáth a bhfuil poist le pá maith ag mná sa domhan forbartha i gcomparáid le mná sa domhan i mbéal forbartha? Tabhair cúis **AMHÁIN.**

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________ (3)

## (B) IONCHAS SAOIL AGUS BÁSMHAIREACHT NAÍONÁN **(12 mharc)**

Is éard atá in Ionchas Saoil ná líon na mblianta atáthar ag súil go mairfidh leanbh a rugadh inniu.
Is éard atá i mBásmhaireacht Naíonán ná líon na leanaí a fhaigheann bás roimh a gcéad bhreithlá.

Tá eolas sna graif seo faoi Ionchas Saoil agus Básmhaireacht Naíonán ar fud an domhain.




Féach ar an ngraf agus freagair na ceisteanna thíos.

***1.*** Is í an tír leis an ionchas saoil is airde inti ná:

_______________________________________________ (2)

***2.*** Is í an tír leis an ionchas saoil is ísle inti ná:

_______________________________________________ (2)

***3.*** Is í an tír leis an ráta básmhaireacht naíonán is airde inti ná:

_______________________________________________ (2)

***4.*** Cé acu **DHÁ** thír a bhfuil an fhorbairt is mó iontu?

_______________________________________________ (2)

***5.*** Cén fáth a bhfaigheann oiread sin leanaí bás ag aois óg i roinnt tíortha sa domhan? Tabhair **DHÁ** chúis.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ (4)

**[Thall**

# CEIST 5
**24 marc**

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis 1:50,000 agus an t-aerfótagraf a thagann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf baile Chill Airne agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Ainmnigh an Príomhbhóthar Náisiúnta a thaispeántar ar an léarscáil.

________________________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh an Bóthar Náisiúnta den Dara grád a thaispeántar ar an léarscáil.

________________________________________ (2)

***3.*** Tabhair na hainmneacha ar **DHÁ** abhainn a thaispeántar ar an léarscáil.

________________________________________

agus

________________________________________ (4)

***4.*** Dá rachfá ó Brown Island (V 923 897) go Cow Island(V 955 874), cén treo a thaistealófá?

________________________________________ (4)

***5.*** Is ceantar mór turasóireachta é an ceantar thart ar Chill Airne.
Agus do léarscáil á húsáid agat, ainmnigh **CEITHRE** ghníomhaíocht a bhféadfadh turasóir a dhéanamh sa cheantar.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)

***6.*** Agus tú ag féachaint ar do leárscáil agus do fhótagraf, comhlánaigh iad seo a leanas:

An pointe is airde a thaispeántar ar an léarscáil ná sliabh ____________________. Tá sé 839 méadar ar airde.

Tá siúlóid, ar a dtugtar ____________________ ____________________ marcáilte ar an leárscáil le líne dhearg bhriste.

Is í an phríomhshlí a dtaistealaíonn daoine go Cill Airne ná ____________________ . Ceapaim é

seo mar ar an bhfótagraf feicim ________________________________________

________________________________________ (8)